# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2003

**STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL**

(400 marc)

DÉ MÁIRT, 10 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 5.20

---

*Ná freagair ach AON CHÚRSA AMHÁIN (Cúrsa I nó Cúrsa II).*

Ba chóir an t-am chun léitheoireachta agus athbhreithniúcháin a thabhairt san áireamh san uasmhéid ama a luaitear le gach ceist.

---

# CÚRSA I

## Sibhialtacht an Renaissance

**(Stair na hÉireann, 1477-1625; Stair na hEorpa, 1453-1618)**

Freagair **GACH** ceann de na ceisteanna **A,B,C,D,E,F.**

Do stair na hÉireann a thagraíonn **A, B** agus **C;** do stair na hEorpa a thagraíonn **D, E** agus **F.**

---

## A

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 mharc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

**1.** Cad a thuigtear le **ceann amháin** de na focail seo a leanas a bhaineann le hÉirinn na nGael : creachaire; dúnaire; file; gallóglach.

**2.** Cén fáth a raibh ballaí thart timpeall ar fhormhór na mbailte in Éirinn sa séú haois déag ?

**3.** Ainmnigh slí **amháin** ina ndearnadh an Pháil a chosaint.

**4.** Céard a bhí i nDlí Poynings, 1494?

**5.** Mínigh go hachomair slí **amháin** inar bhunaigh Gearóid Mór, 8ú hIarla Chill Dara, a chuid cumhachta in Éirinn.

**6.** Ainmnigh gné **amháin** de shocraíocht creidimh Eilíse in Éirinn.

**7.** Cérbh é an duine a bhí freagrach as titim Sheáin Uí Néill i 1567?

**8.** Ainmnigh slí **amháin** ina raibh tionchar ag Gluaiseacht Leasaithe na gCaitliceach ar chúrsaí creidimh in Éirinn.

**9.** Tabhair sampla **amháin** den chaoi ar dhéileáil Sir Robert Bingham leo sin a dhiúltaigh páirt a ghlacadh i gComhdháil Chonnacht.

**10.** Cén fáth ar shocraigh Sir John Perrot go ndéanfaí Aodh Rua Ó Domhnaill a fhuadach?

**11.** Cén áit ina raibh a lár ionad cumhachta (caisleán) ag Buitléirigh Urmhumhan?

**12.** Tabhair cúis **amháin** gur éirigh Richard Boyle, Iarla Chorcaí, an-saibhir.

**13.** Ainmnigh earra **amháin** a bhí á onnmhairiú as Éirinn i rith an séú haois déag.

**14.** Cén fáth ar scríobh scoláirí ar nós Seathrún Céitinn agus na Ceithre Máistrí, stair na hÉireann síos?

**15.** Cén réimse den saothar daonna a luaitear le duine **amháin** díobh seo a leanas:
Edmund Spenser; Mateo de Oviedo; Peter Lombard; Richard Bartlett; Sir John Davies; Lughaidh Ó Cléirigh.

---

## B

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Scríobh alt gairid ar DHÁ cheann díobh seo faoi seach. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

**1.** Lambert Simnel agus Perkin Warbeck.

**2.** Gearóid Óg, 9ú hIarla Chill Dara.

**3.** Díscaoileadh na mainistreacha.

**4.** Gráinne Uí Mháille (Gránuaile).

**5.** An difríocht idir an dá chóras dlí in Éirinn: Dlíthe na mBreithiúna in Éirinn na nGael agus Dlí Shasana.

**6.** Connradh Mellifont, 1603.

---

## C

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)

*Scríobh tuairisc ar DHÁ cheann díobh seo faoi seach. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

**1.** Leathnú an údaráis ríoga faoi Anraí VIII, faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
- **(i)** Parlaimint an Reifirméisin, 1536.
- **(ii)** Géilleadh agus Athbhronnadh.
- **(iii)** Parlaimint 1541 - 1543.

**2.** Réimeas na Banríona Máire in Éirinn, 1553-1558 (Déan tagairt dá cuid polasaithe creidimh agus do Phlandáil Laoise agus Uíbh Failí).

**3.** Reibiliúin Dheasmhumhan i gCúige Mumhan.

**4.** An Cogadh Naoi mBliana faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas :
- **(i)** Mar a thosaigh an cogadh.
- **(ii)** An pháirt a ghlac Aodh Ó Néill sa chogadh.
- **(iii)** An bhaint a bhí ag na taoisigh Éireannacha le cumhachtaí eachtracha.

**5.** Plandáil Uladh.

**6.** Oideachas in Éirinn sa séú haois déag faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
- **(i)** Oideachas in Éirinn na nGael.
- **(ii)** Na scoileanna sna bailte móra.
- **(iii)** Bunú Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

**NÓ**

Topaic i Stair na hÉireann, 1477-1625, **nach bhfuil liostaithe** i Roinn B nó i Roinn C.

## D

(Uasmhéid ama a mholtar:  20 nóiméad)
*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas.  Is fiú 5 mharc an ceann iad.  Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

**1.** Cén sórt rud a bhí i gcaravel i rith Ré na bhFionnachtana?

**2.** Cad a socraíodh i gConradh Tordesillas, 1494?

**3.** Ainmnigh an príomh-theoiric a chuir Nicholas Copernicus chun cinn maidir leis an nGrian agus an Domhan.

**4.** Tabhair cúis **amháin** maidir leis an naimhdeas idir Proinsias I na Fraince agus an tImpire Séarlas V.

**5.** Tabhair poinnte **amháin** creidimh a bhí ag na hAnabaistigh.

**6.** Cad chuige ar bunaíodh Ord ban rialta na nUrsalach i 1535?

**7.** Ainmnigh gníomhaíocht tráchtála **amháin** a bhí ar siúl ag muintir Fugger.

**8.** Cad a bhí i gceist sa Chogadh Smalkaldach sa Ghearmáin i 1546?

**9.** Ainmnigh slí **amháin** inar chuidigh Vesalius le heolas a chur ar chúrsaí leighis.

**10.** Ainmnigh pointe **amháin** a socraíodh ag Síocháin Cateau-Cambrésis, 1559.

**11.** Cén chaoi a raibh tionchar ag fórógraí na Sár ar thuathánaigh na Rúise sa séú haois déag?

**12.** Ainmnigh planda **amháin** (nó bia **amháin**) a tugadh go dtí an Eoraip ó Mheiriceá i rith an séú haois déag.

**13.** Cérbh iad ar buadh orthu i gCath Lepanto, 1571?

**14.** Ainmnigh cúis **amháin** gur tharla an Cogadh Tríocha Bliain.

**15.** Cén réimse den saothar daonna a luaitear le duine **amháin** díobh seo a leanas:
Johan Gutenberg; Desiderius Erasmus;
Philip Melanchthon; Claudio Monteverdi;
Huldrych Zwingli; Peter Breugel.

## E

(Uasmhéid ama a mholtar:  20 nóiméad)
*Scríobh alt gairid ar DHÁ cheann díobh seo faoi seach.  Is fiú 20 marc an ceann iad.*

**1.** Titim Constantinople,1453.

**2.** Savonarola.

**3.** Ferdinando agus Isabella na Spáinne.

**4.** Na pointí i gcreideamh Mhártain Liútar.

**5.** Albrecht Dürer **nó** William Shakespeare.

**6.** Cogaí faoi Chreideamh sa Fhrainc, 1564-1598.

## F

(Uasmhéid ama a mholtar:  50 nóiméad)
*Scríobh tuairisc ar DHÁ cheann díobh seo faoi seach.  Is fiú 60 marc an ceann iad.*

**1.** Ealaín agus ealaíontóirí iomráiteacha i Renaissance na hIodáile.

**2.** Turais chlúiteacha taiscéalaíochta faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
**(i)** Turas farraige Criostóir Colombas i 1492.
**(ii)** Turas farraige Ferdinando Magallan, 1519 – 1522.
**(iii)** Torthaí na dturas sin.

**3.** An Cailbhíneachas faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
**(i)** An chaoi ar fhorbair tuairimí creidimh Calvin.
**(ii)** An Ghinéiv faoi cheannas Calvin.
**(iii)** Scaipeadh an Chailbhíneachais leasmuigh den Ghinéiv.

**4.** Pilib II, Rí na Spáinne **nó** Anraí VIII, Rí Shasana.

**5.** Leasú na hEaglaise Caitlicí faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
**(i)** An chúis go raibh gá leasú a dhéanamh ar an Eaglais.
**(ii)** Comhairle Trento.
**(iii)** Naomh Iognáid Loyola agus na hÍosánaigh.

**6.** Liam Oráiste agus Éirí Amach na hÍsiltíre.

**NÓ**
Topaic i Stair na hEorpa, 1453-1618, **nach bhfuil liostaithe** i Roinn E nó i Roinn F.

# CÚRSA II

**Sibhialtacht na Linne Seo**
**(Stair na hÉireann, 1868-1966; Stair na hEorpa, 1870-1966)**
Freagair **GACH** ceann de na ceisteanna **A,B,C,D,E,F.**
Do stair na hÉireann a thagraíonn **A, B** agus **C;** do stair na hEorpa a thagraíonn **D, E** agus **F.**

## A

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 mharc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás*

**1.** Cén chaoi a bhfuair na tionóntaí cabhair chun talamh a cheannach faoi Acht Talún Gladstone, 1881?

**2.** Tabhair cúis **amháin** go raibh imirce as Éirinn idir 1868 agus 1914.

**3.** Ainmnigh tionscal tábhachtach **amháin** i mBéal Feirste, 1868-1914.

**4.** Luaigh aidhm **amháin** atá ag an Ord Oráisteach.

**5.** Luaigh éacht **amháin** de chuid Ghluaiseacht na gComharchumann faoi cheannas Sir Horace Plunkett.

**6.** Tabhair cúis **amháin** gur éirigh le hAcht Talún Wyndham, 1903.

**7.** Cén fáth go raibh scoilt in Óglaigh na hÉireann i 1914?

**8.** Tabhair cúis **amháin** go raibh Tomás S. Ó Cléirigh tábhachtach i stair na hÉireann.

**9.** Tabhair cúis amháin gur bhuaigh páirtí Shinn Féin olltoghchán na bliana 1918.

**10.** Cén fáth a ndeachaigh Éamon de Valera go dtí Stáit Aontaithe Mheiriceá sa bhliain 1919?

**11.** Cén post a bhí ag Seán A. Ó Coistealbha sa Chéad Rialtas Idir-Pháirtí, 1948-1951?

**12.** Cén fáth ar thug an rialtas imtheorannú gan triail isteach sna 1950-idí ?

**13.** Cén chaoi ar athraigh scéim leictrithe na tuaithe saol na ndaoine faoin tuath?

**14.** Ainmnigh duine **amháin** a bhí ina Uachtarán ar Éirinn ag am ar bith idir 1938 agus 1966?

**15.** Cén réimse den saothar daonna a luaitear le duine **amháin** díobh seo a leanas:
Séamas Ó Lorcáin; Traolach Mac Suibhne; Evie Hone; Samuel Beckett; Eilís Dilliún; Micheál Ó hEithir.

## B

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Scríobh alt gairid ar DHÁ cheann díobh seo faoi seach. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

**1.** Micheál Dáibhid.

**2.** Rialtas Dúchais a Mharú le Cineáltas". ( Leasú na gCoimeádach in Éirinn).

**3.** An chaoi ar chuir na hAontachtóirí i gcoinne Rialtais Dúchais, 1912-1914.

**NÓ**

Seán Réamonn.

**4.** An Cogadh Cathartha in Éirinn, 1922-1923.

**5.** An Dochtúir Nollaig De Brún.

**6.** Seán Lemass.

## C

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)
*Scríobh tuairisc ar DHÁ cheann díobh seo faoi seach . Is fiú 60 marc an ceann iad.*

**1.** Gluaiseacht an Rialtais Dúchais faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
**(i)** Isaac Butt mar cheannaire.
**(ii)** Séarlas Stíobhard Parnell mar cheannaire.
**(iii)** An scoilt i bPáirtí an Rialtais Dúchais, 1890.

**2.** Náisiúnachas Cultúrtha faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas :
**(i)** Cumann Lúthchleas Gael ( C.L.C.G.).
**(ii)** Conradh na Gaeilge.
**(iii)** An Athbheochan Liteartha Angla-Éireannach.

**3.** Éire, 1916-1921, faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
**(i)** Éirí Amach na Cásca, 1916.
**(ii)** Cogadh na Saoirse, 1919-1921.
**(iii)** An Conradh Angla-Éireannach, 1921.

**4.** Cumann na nGael mar rialtas, 1922-1932.

**5.** Fianna Fáil mar rialtas, 1932-1939.

**6.** Éire (Thuaidh agus Theas) i rith bhlianta an chogaidh, 1939-1945.

**NÓ**

Topaic i Stair na hÉireann, 1868-1966, **nach bhfuil liostaithe** i Roinn B nó i Roinn C.

## D

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 mharc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

1. Mínigh go hachomair an tábhacht a bhaineann le forbairt **amháin** i gcúrsaí iompair, 1870-1966.
2. Bhí Rúisiú mar pholasaí ag Sár Alexander III na Rúise. Cad é an bhrí a bhí le Rúisiú?
3. Cad é an phríomh-aidhm a bhí ag na Sufraigéidigh?
4. Luaigh forbairt **amháin** i gcúrsaí leighis idir 1870 agus 1966.
5. Cérbh é an ceannaire a bhí ar Réabhlóid na mBoilséiveach sa Rúis i 1917?
6. Cad é an toradh a bhí ar an máirseáil a bheartaigh na Faisistigh a dhéanamh ar an Róimh, 1922 ?
7. Cad a thuigtear leis an gclásal "ciontach as cogadh" a bhí i gConradh Versailles?
8. Luaigh fadhb **amháin** a bhí le sárú ag an nGearmáin le linn di a bheith faoi cheannas Weimar sna 1920-idí.
9. Tháinig Ramsay MacDonald i gcumhacht mar Phríomh Aire na Breatainne in 1924. Cén páirtí ar bhain sé leis?
10. Cad a bhí i gceist ag Hitler le *lebensraum* san Oirthear?
11. Cad a tharla ag Dunkirk sa Fhrainc i 1940?
12. Cad a thuigtear le Cúnamh Marshall?
13. Luaigh athrú eacnamaíoch **amháin** a chuir Khrushchev i gcrích sa Rúis Shóivéideach idir 1953 agus 1964.
14. Cén tír a chuir an chéad saitilít spáis in airde i 1957?
15. Cén réimse den saothar daonna a luaitear le duine **amháin** díobh seo a leanas:
    Johann Strauss; Leon Trotsky; Rosa Luxemburg; Pablo Picasso; Marlene Dietrich; George Orwell.

## E

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Scríobh alt gairid ar DHÁ cheann díobh seo faoi seach. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

1. Cás Dreyfus sa Fhrainc.
2. Sár Nioclás II na Rúise, 1894-1917.
3. Conradh na Náisiún.
4. Cogadh Cathartha na Spáinne, 1936-1939.
5. Hitler agus na Giúdaigh i rith an Dara Cogadh Domhanda, 1939-1945.
6. Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) idir 1957 agus 1966.

## F

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)
*Scríobh tuairisc ar DHÁ cheann díobh seo faoi seach. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

1. Otto Von Bismarck, 1870-1890.
2. Leathnú coilíneach na hEorpa san Afraic agus/nó san Áis, 1870-1914.
3. An Chéad Chogadh Domhanda faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
   **(i)** Na cúiseanna gur thosaigh an cogadh i 1914.
   **(ii)** An cogadh sna trínsí
   **(iii)** An cogadh ar an bhfarraige.
4. Hitler agus Mussolini faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
   **(i)** Teacht i dtreis Pháirtí na Naitsíoch, 1919-1933.
   **(ii)** Riail Hitler sa Ghearmáin, 1933-1939.
   **(iii)** Riail Mussolini san Iodáil, 1922-1939.
5. Forbairtí sa Rúis Shóivéideach faoi cheannas Stalin idir 1928 agus 1939.
6. An Dara Cogadh Domhanda faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
   **(i)** Cath na Breatainne.
   **(ii)** Na Stáit Aontaithe agus an Dara Cogadh Domhanda sa Eoraip.
   **(iii)** Na cúiseanna gur buadh ar an nGearmáin faoi cheannas Hitler.

**NÓ**

Topaic i Stair na hEorpa, 1870-1966, **nach bhfuil liostaithe** i Roinn E nó i Roinn F.